Coláiste | Aonad Bainistíochta	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil | Aonad	Scoil an Leighis UCD- Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI)
Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	**Freastalaí Saotharlainne Sinsearach**
Tréimhse an Phoist	Téarma Seasta Sealadach 13 Mhí (Lánaimseartha)
Grád	Freastalaí Saotharlainne Sinsearach
Uimhir Thagartha do Ghrádú ar Phost	N/B
Bainisteoir Líne	Ceannasaí Aonaid nó Ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	018129
Riarthóir Acmhainní Daonna	Natalia McDonagh

Achoimre ar an bPost:

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar ról sealadach de Fhreastalaí Saotharlainne Sinsearach le Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI) ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Tabharfaidh an Freastalaí Saotharlainne Sinsearach tacaíocht do Bitheolaíocht Córas Éireann maidir le gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna. Baineann an post le hobair a dhéanamh le bainisteoir na saotharlainne chun na saotharlanna fliucha agus áiteanna ábhartha a chothabháil agus chun a áirithiú go bhfuil tacaíocht dhóthanach don saotharlann curtha ar bun maidir leis na cláir agus na tionscadail is mó atá ag SBI lena n-áirítear na cláir Precision Oncology Ireland agus MSCA DevelopMed de chuid an AE. Áirítear leis na gníomhaíochtaí atá ar bun, ach gan a bheith teoranta dóibh, bunachair a nuashonrú, monatóireacht a dhéanamh ar úsáid tomhaltán, trealamh a chothabháil agus a ghlanadh, dramhaíl a dhiúscairt, maoláin / tuaslagáin a ullmhú, agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Saotharlanna fliucha agus trealamh agus áiteanna ábhartha de chuid SBI a chothabháil, agus a dheimhniú go bhfuil siad glan, eagraithe agus ag feidhmiú. Áirítear leis sin:
    - imoibrithe, tuaslagáin agus ábhair a ullmhú,
    - gnáthchothabháil, glanadh agus trealamh saotharlainne a chalabrú
    - dramhaíl cheimiceach agus bitheolaíoch agus dramhaíl eile saotharlainne a láimhseáil agus a dhiúscairt go sábháilte i gcomhréir le rialacháin sábháilteachta
    - sorcóirí gáis speisialaithe a láimhseáil go sábháilte agus iad a stóráil mar is iomchuí
    - fardal de stoc / de sholáthairtí saotharlainne a chothabháil agus athstocáil thráthúil de thomhaltáin agus d'imoibrithe a dheimhniú
    - bunachair a chothabháil de réir mar is gá
    - cabhair a thabhairt chun saincheisteanna teicniúla nó oibríochtúla a réiteach
    - fadhbanna a bhaineann leis an tsaoráid a thuairisciú (e.g., leictreachas, aeráil, pluiméireacht) don roinn ábhartha
- Cuidiú a thabhairt go solúbtha agus go hiomlán d'ualach oibre d'fhoireann a oibríonn ar thionscadail taighde córais bitheolaíochta
- Tacú le hoibríochtaí clár taighde maidir le Bitheolaíocht Córas Éireann
- Cabhrú leis an bpróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Cabhrú le cumraíocht agus cur i bhfeidhm de phróisis nua, sreabhadh oibre agus/nó teicneolaíochtaí
- Mar bhall foirne, comhlíonadh le riachtanais Eitice agus Sábháilteachta UCD a chinntiú agus cabhair a thabhairt chun Nósanna Imeachta Oibriúcháin / Measúnú Riosca a fhorbairt de réir mar is gá
- Dualgais, tascanna agus freagrachtaí ábhartha eile de réir mar a éilítear leis an mBainisteoir Lárionaid SBI nó ainmní

95 Freastalaí Saotharlainne Sinsearach_2010 (1108_X) Scála Tuarastail: €38,935 - €40,836 In aghaidh na Bliana

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a aithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/
Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Eolas faoin eolaíocht nó faoi thaighde ó chúrsaí ábhartha foirmiúla atá curtha i gcríoch.
- Taithí ar bheith ag obair i saotharlann nó i dtimpeallacht chomhchosúil atá rialaithe go docht.
- Cumas bheith ag obair go neamhspleách agus faoi threoir.
- Comhlíonadh le Treoirlínte um Shláinte agus Sábháilteacht ábhartha.
- Cumas chun cloí le prótacail.
- Sárscileanna idirphearsanta, foirne agus cumarsáide (scileanna béil agus scríofa).
- Inniúlacht ríomhaireachta maidir le cláir bogearraí bunúsacha.
- Féintionscnóir réamhghníomhach atá in ann obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar bhall foirne.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird a thabhairt ar mhionsonraí.
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas chun cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag forbairt.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht san eolaíocht nó i ngné ábhartha.
- Taithí roimhe seo ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le leibhéil éagsúla foirne agus mac léinn.
- Taithí ar chúnamh a thabhairt maidir le tionscadail taighde.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta de réir mar a bhaineann sí le hobair shaotharlainne agus le ceanglais rialála.
- Taithí ar bheith ag obair le grúpa ildisciplíneach daoine.
- Oiliúint gharchabhrach agus sábháilteachta.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/chas/

An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	https://www.ucd.ie/medicine/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/
Eile:	https://www.ucd.ie/sbi/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	Dr Eadaoin Mc Kiernan
Teideal:	Bainisteoir Lárionaid SBI
Seoladh rphoist:	Eadaoin.mckiernan@ucd.ie
Fón:	Fiosrúcháin trí r-phost amháin

© Acmhainní Daonna UCD